



## ACMHAINN 2

### Sleachta as Forógra an Todhchaíochais, Filippo Tommaso Marinetti, 1908

Ba ghluaiseacht ealaíonta agus shóisialta é an Todhchaíochas a d'éascair san Iodáil ag tús na 20ú haoise. Ar dtús, mholadh lucht an Todhchaíochais an fhorbairt theicneolaíoch agus a cuid torthaí amhail luas agus táirgeacht tionsclaíoch. Chreididís in athrú sóisialta réabhlóideach trí mhéan an fhoréigin le fáil réidh leis na seanchórais agus le dóigheanna an ama a chuaigh thart. Scríobh an file Iodálach Filippo Tommaso Marinetti Forógra an Todhchaíochais i 1908. Seo 3 cinn de na 11 phrionsabal a liostáiltear san Fhorógra:

'(...) 7. Is í an troid an rud is áille amach. Níl sárshaothar ann nach bhfuil carachtar trodach ann. Caithfidh an fhilíocht a bheith ina hionsaí foréigneach in aghaidh na bhfórsaí anaithnide, chun iad a chur ina luí os comhair an duine. (...)

9. Táimid ag iarraidh glóir a thabhairt don chogadh - an t-aon ghlaineacht atá ar domhan - don mhíleatachas, don tírghrá, do ghníomhartha sciosacha na n-ainrialaithe, do na smaointe áille a mharaíonn, agus do tharcaisne na mban.

10. Táimid ag iarraidh músaeim agus leabharlanna a leagan, troid in aghaidh an mhorálachais, an fheimineachais agus gach claidhreachta deistapaíche fónaíche. (...)

*Foinse: Le Figaro, 20.02.1909, [Leabharlann Náisiúnta na Fraince](#), aistriúchán: Eugen Weber, in Paths to the Present, 1960, © Dodd, Mead and Company, Inc.*

### Sainmhíniú na fuathchainte, Gluaiseacht in éadan na Fuathchainte, Comhairle na hEorpa

Cuimsíonn sí gach cineál léirithe a leathann, a spreagann, a chuireann chun cinn nó a sheasann le fuath ciníoch, seineafóibe, frith-Sheimíteachas nó foirmeacha eile fuatha atá bunaithe ar an éadulaingt, ina measc sin: an éadulaingt a chuirtear in iúl tríd an dian-náisiúnachas agus an dian-eitnealárnachas, an leithcheal agus an naimhdeas in aghaidh mionlach, imirceach agus daoine eile de bhunús inimirceach.

*Foinse: Moltaí Uimh. R (97)20 ó Choiste na nAirí do Bhallstáit maidir le 'Fuathchaint', © Comhairle na hEorpa*





## ÁRAS STAIR NA HEORPA

Portráid aerscuaibe de Benito Mussolini Eitleoir, Alfredo Gauro Ambrosi, 1939



Foinse: © AKG-Images